

❖ An Lúibín ❖

23 Nollaig 2019

Aistriúcháin

Tá Yale University Press chun cnuasach de ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain a fhoilsiú i mBéarla, rud a bhaineann le clár aistriúcháin Chló Iar-Chonnacht. Tá CIC tar éis aistriúchán Alan Titley ar an nóibhille *Fuíoll Fuine – The Dregs of the Day* – a fhoilsiú, agus tá leaganacha Gearmáinise agus Spáinnise de le foilsiú freisin. Ceann de scéalta déanacha ‘uirbeacha’ an Chadhnaigh is ea *Fuíoll Fuine*, scéal lán de dhúghreann a léiríonn dúinn conas a chuir an t-údar a stíl agus a intinn in oiriúint do shaol na cathrach.

Ní hé seo an chéad uair a foilsíodh aistriúcháin de na gearrscéalta, ach tarringeoidh an foilseachán nua léitheoirí nua. In 2015 chuir Louis de Paor agus Lochlainn Uí Thuairisg amach leagan Béarla den ghearrscéal *An Eochair*.

Cúpla bliain ó shin foilsíodh dhá aistriúchán Béarla de *Cré na Cille - The Dirty Dust* le Alan Titley agus *Graveyard Clay* le Liam Mac Con Iomaire agus Tim Robinson. Tá aistriúcháin eile le teacht – ceann i nGréigis, ceann i Rúisis (tá Rúisigh ann a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu agus cumas aistritheoireachta acu) agus ceann in Araibis.

Tá gá dá réir le haistriúcháin ó theangacha eile. Tá údair shuimiúla i mórtheangacha na hEorpa arbh fhiú Gaeilge a chur ar a saothar agus a bhfuil aistritheoirí ann lena dhéanamh. B’fhiú cuid níos mó de na haistriúcháin a rinneadh do An Gúm sna tríochaidí a fhoilsiú arís. Orthu sin tá *Gadaidheacht le Láimh Láidir*, leagan den úrscéal clasaiceach Astrálach *Robbery Under Arms*, saothar le Thomas Alexander Browne (‘Rolf Boldrewood’) a foilsíodh in 1888 agus ar chuir Domhnall Ó Grianna (deartháir le Séamus Ó Grianna agus le Seosamh Mac Grianna) Gaeilge air.¹ Seo sliocht as tús an leabhair. Tá an litriú agus cuid den ghramadach athchóirithe ach fágadh blas Rinn na Feirste ar an nGaeilge.

Dic Marston is ainm domh, agus de thógáil Sydney-side mé. Tá mé naoi mbliana fichead d’aois, sé troithe ar airde i mo stocaí agus trí chlocha déag meáchain. Go measartha laidir fuinnithe lena chois sin, de réir mar a deir siad. Níl maith liom a bheith ag déanamh mórtais – anseo ar scor ar bith – ach bheadh sé aige féin go maith an fear a chuirfeadh ar shlat mo dhroma mé nó a sheasódh os mo choinne leis na miotóga nó leis na hailt tharnochta. Tá mé in inneamh rud ar bith a mharcáocht – rud ar bith dá raibh riamh i gcruthaíocht capaill – tá mé insnáimha le lacha fhiáin, agus chuirfínn lorg duine mar a dhéanfadh fear dubh de chuid Mhyall. Bunús achan rud dá dtig le fear a dhéanamh, tá lámh agam air, agus sin a bhfuil de. Anois agus mé do mo thógáil féin, thig liom na féitheoga a mhothachtáil ag at i mo sciatháin mar a bheadh enag iomána ann, d’ainneoin an – bhail, d’ainneoin achan rud.

Tá grian na maidine ag cur dealraitheacha isteach fríd bharráí na fuineoige; agus ó d’éirigh an ghrian chéanna tá mé ag mallachtach ar sholas an lae, ag mallachtach orm féin, ag mallachtach ar an muintir a thug chun an tsaol mé. An dtug mé mo mhallacht do mo mháthair agus don uair a tháinig mé ar an tsaol anróiteach seo!

Cad chuige a mbeinn ag mallachtach ar an lá! Cad chuige a bhfuil mé i mo luí anseo ag éagaoin; sea, ag caoineadh mar a bheadh leanbh ann agus ag greadadh mo chloigne in éadan leacacha an urláir? Níl mé ar mire cé go bhfuil mé glasáilte istigh i gcellín. Níl. B’fhearrde dom féin dá mbeinn. Ach tá mo ghnó déanta anois; níl bealach éalaithe ar bith agam an iarraidh seo. Agus dearc anois ormsa, Dic Marston, ainneoin mé a bheith chomh láidir le damh agus chomh fuinnithe le cangarú creige, lán croí agus aigne agus sláinte. Féachadh mé as ceithearnacht – ‘gadaíocht le lámh láidir’ a bheir siad air – agus cé go bhfuil mo chuid fola ag tonnadh fríd mo chuisleannacha mar a bheadh tuile ag gabháil le fána ar bhráid cnoic ann, agus achan orlach i mo cholainn idir cnámh agus fhéitheog chomh folláin leis an lá a rugadh mé, caithfidh mé bás a fháil ar an geroch mí ó inniu.



¹ Ó GRIANNA, Domhnall (1894–1962) : <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=518>.

Figiúirí gaelscolaíochta

Mar atá ráite go minic cheana, ní ar na gaelscoileanna amháin atá slánú na Gaeilge ag brath (agus is minic nach leanann iardhaltaí gaelscoile orthu ag úsáid na teanga agus an scoil fágtha acu), ach ar éigean a bheadh an oiread sin beochta sa teanga gan iad. Ní mór dúinn, mar sin, aird a thabhairt ar fhigiúirí nua a chuir Roinn Oideachais na Poblachta ar fáil do *Tuairisc.ie* i mbliana agus a thaispeánann gur beag méadú a tháinig ar líon na ndaltaí a fuair oideachas trí Ghaeilge le tamall de bhlianta anuas.

58,333 dalta scoile atá á múineadh trí Ghaeilge. 6% de dhaltaí an Stáit, idir dhaltaí bunscoile agus daltaí iarbhunscoile, atá i gceist. Tá 8% de dhaltaí bunscoile ag fáil oideachas lán-Ghaeilge ach níl a leithéid le fáil ach ag 3.5% de dhaltaí iarbhunscoile.

Bunscoileanna lán-Ghaeilge in 2018

Sa Ghaeltacht: 7,344 dalta (100 scoil)

Lasmuigh: 37,934 dalta (147 scoil)

Meánscoileanna lán-Ghaeilge in 2018

Sa Ghaeltacht: 3,065 dalta (21 scoil)

Lasmuigh: 9,990 dalta (28 scoil)

Ach ní hé sin bun agus barr an scéil. Is léir, ar ndóigh, gur láidre go mór an Ghaeilge mar theanga oideachais agus úsáide sa réimse cathrach ná sa Ghaeltacht anois agus gur mar sin a bheidh an scéal feasta. Is dócha go rachaidh an ghaelscolaíocht chun cinn sna seancheantair Ghaeltachta féin agus glúin nua ann nár tógadh le Gaeilge ach a bhfuil suim ag cuid acu sa teanga. Más ea, ní bheidh an tseantuin ar na nuachainteoírí sin ach a oiread is atá sí ar a leithéidí i mBaile Átha Cliath. Imeacht an tseansaol, teacht ré úire.

Dá ndéanfaí an t-éileamh ar ghaelscolaíocht a shásamh, b'fhurasta 10% nó os a chionn de dhaltaí na hÉireann a chur á bhfoghlaim trí Ghaeilge. Má thagann an lá, rachaidh sin chun tairbhe don Ghaeilge ar fud an domhain.



An chláirseach i litríocht na Gaeilge

(*Seo leagan athcheartaithe d'alt a foilsíodh ar An Lúibín ar an 3 Nollaig 2013.*)

Rud teibí í an chláirseach i dtraidisiún náisiúnach (agus coilíneach) an Bhéarla in Éirinn: suaitheantas a chuirtear ar bhratach nó ar bhonn. Rud eile ar fad í i dtraidisiún agus i litríocht na Gaeilge: uirlis cheoil í a músclaíonn lámha beo í.² Thugtaí 'cruit' uirthi: uirlis a raibh téada miotail inti, sainmhodhanna seinnte ag baint léi, gradam ar leith ag gabháil léi. Ba bhinn le huasal agus le híseal í agus í le cloisteáil i gcaisleáin agus in óstáin, ach i ndeireadh na dála bhain sí le saol agus meon na dtiarnaí. B'fhada an oiliúint a bhí ag teastáil chun máistreacht a fháil uirthi, rud a d'fhág i seilbh na gcláirseoirí gairmiúla agus na huasaicme í.

Luaitear an chruit sa litríocht Ghaeilge is luaithe; is ann a thagaimid ar abairt a mhair go dtí ár n-aimsir féin – 'cruit gan chéis' nó rud gan lúcháir (ós eochair cláirsí í an chéis). Sa *Dinnseanchas Fileata* ('Metrical Dindshenchas' - dánta nár cumadh níos déanaí ná an 11ú haois agus a bhfuil ábhar i bhfad níos sine iontu) tá cuntas bríomhar a thug an file Fulartach ar aonach mór Charmhain (*céte óenaig fhéil*):

Is iat a ada olla
stuic, cruitti, cuirn chróes-tholla,
cúisig, timpaig cen tríamna,
filid, ocus fáen-chlíara.³

² Féach *An Lúibín*, uimh. 197 ('Cláirseacha agus comharthaí') agus tuairisc ann ar an gcaint a thug an Dr Emily Cullen i gColáiste Newman ar an 13 Samhain 2013.

³ 'Carmun,' *Met. Dinds.* iii 18.233: <http://www.ucc.ie/celt/published/G106500C/index.html>

Stoic, cruiteanna, coirn chraostolla, píobairí, tiompánaithe gan tuirse, filí agus faonchléir is ea a áirgí móra.

Feicimid anseo ceolta an domhain ag teacht ar mhullach a chéile, ach de ghnáth tugtar le fios gur dhuine de chóisir an taoisigh é an cruitire, fiú sna laoithe Fiannaíochta:

Cnú Dheireoil, cnú mo choirp,
an t-abhac beag a bhí ag Fionn,
'nuair do sheinneadh cuir is puirt
do bhíodh sé 's a chruit go binn.⁴

Molann an sárfhile Gofraidh Fionn Ó Dálaigh (-1387) cláirseach áirithe faoi mar gur rud beo í (nó faoi gurb ionann cláirseoir agus cláirseach) – 'a cheoltóir a chealg sinn, a dhearguirilis ardmheanmnach lánbhinn'.

A chláirsíoch Chnuic Í Chosgair
chuirios súan ar síorrosgaibh,
a nuallánach bhinn bhlasda,
ghrinn fhuaránach fhorasda.

A chlár buadha as bláith mínlearg,
a mhonghárach mhéirfhírdhearg,
a cheóladhach do chealg sinn,
a dhearg leómhanach lánbhinn.⁵

Faoin 16ú haois is minice trácht á dhéanamh ar an gcláirseach (uirlis níos toirtiúla) ná ar an gcruit, cé gurb í an uirlis chéanna atá i gceist i ndáiríre. I ndán de chuid na haoise úd luann Eochaidh Ó Heódhasa (agus é ag cuimhneamh ar chúirt a phátrúin) 'gáir bhinnorghán ré hochtaibh imilmhéar' (gáir na huirlise binne le hocht mbarr méar), líne a thugann leid dúinn faoi mhéarú na dtéad.⁶ I bhfilíocht na Gàidhlig féin luaitear an chláirseach (in éineacht leis an bpíob mhór) mar uirlis a chuireann le clú cúirte: féach a ndeirtear in amhrán de chuid Mhàiri Nic Leòid, file iomráiteach de chuid an 17ú haois:

Gu àros nach crìon
Am bi gàirich nam píob
Is nan clàrsach a rìs...⁷

Tá léiriú eile déanta ar úsáid na cláirsí (mar íomhá agus mar uirlis) sna dánta galánta grá a bhailigh Tomás Ó Rathile, dánta a bhfuil blas na cúirte orthu agus ar cumadh a bhformhór roimh an mbliain 1600. Mealltar bean le beagán téad, a deir ceann acu, agus díomá ar an bhfile toisc nach bhfuil ar a chumas lántairbhe a bhaint as na téada céanna:

Dom anró nár fhoghlaim mé
seinm chailín ó tSiúire,
i dtráth suain le sreing n-umha
nách beinn uaidh i n-aontumha.⁸

Ar an dóigh chéanna, maíonn an té a scríobh 'Sgéal ar dhiamhair na suirghe' go bhfuil cluain sa chláirseach:

⁴ Ó Tuama, Seán, *An Duanaire 1600-1900*, The Dolmen Press 1981, 1985, lch 146: 'A Oisín, 's fada do shuan'.

⁵ Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, 'A chláirsíoch Chnuic Í Chosgair,' <http://research.ucc.ie/celt/document/G402214>

⁶ Knott, Eleanor, 'Conflicting Counsels,' uimh. 13, lch 75, *Irish Syllabic Poetry 1200-1600*, Dublin Institute for Advanced Studies 1981

⁷ Watson, J. Carmichael (eag.). 'An Crònan' (uimh. 62), *Gaelic Songs of Mary MacLeod*. Blackie & Son Limited 1934 : http://archive.org/stream/gaelicsongsofmar00macl/gaelicsongsofmar00macl_djvu.txt.

⁸ Rathile, Tomás, 'Mealltar bean le beagán téad,' uimh. 72, lch 97, *Dánta Grádha*, Cló Ollscoile Chorcaí 1976 (athchló)

guth caoin do chur le téadaibh
maith do bhréagfadh bean fhiata.⁹

In 'Beatha an Scoláire' faighimid sólas agus sult á mbaint as saol an léinn agus an chláirseach mar chuid de:

Do bheir sé greas ar tháiplis
is ar chláirsigh go mbinne,
nó fós greas eile ar shuirghe
is ar chumann mná finne.¹⁰

Nochtann an chláirseach os ár gcionn arís i roinnt ceathrúna a rinne Pádraigín Haicéad, duine de na filí is suntasaí de chuid an 17ú haois. Deir sé nach féidir Eoghan Ó Eachach, cláirseoir, a shárú 'ar chomhrannaibh cóirighthe i n-eagar 's i n-am,'¹¹ agus tugann sé ardmholadh do Roibeard Óg agus d'Oiléan Carrún, deartháir agus deirfiúr de chuid na n-usal, as a gcuid cláirseoireachta. Is cuid suntais é an cuntas a thugtar ar Oiléan go háirithe, ós annamh tagairt déanta do chláirseoirí mná sa litríocht.

Oiléan Carrúb laglúb líomhtha léir,
Foiléim aniúil teacht dúinn sínte lé;
Bruthshéis taidhiúir fraischiúil chaoín a téad
Tug mé ag machtnughadh feadh chúig n-oidhche ndéag.¹²

Fad is a bhí greim éigin ag uaisle na nGael ar a dtailte mhair an seansaol Gaelach agus ceol na cláirsí fite fuaite ann. Féach Aogán Ó Rathaille, file mór Muimhneach, é ag cur síos ar an spórt a bhíodh ar siúl i 'gCúirt Uí Cheallacháin' agus 'poirt ar chruitibh dá seinm go ceolmhar'.¹³ (Tá sé ag cuimhneamh anseo ar Dhónall Ó Ceallacháin a cailleadh sa bhliain 1709.) Agus cuimhnimis freisin ar na línte úd san amhrán 'Liam Ó Raghallaigh' (c. 1700?) faoi bhainis an fhir bháite:

bhí fidil ar clár ann
agus an chláirseach á spreagadh...¹⁴

Suaitheantas suilt agus oiliúna is ea an chláirseach sna sleachta seo, cé nach féidir é a dhealú amach ó shult agus ó bhrón an ghnáthshaoil. Ba rud ann féin í an chláirseach, rud a raibh a lán ceardaithe ag teastáil chun í a dhéanamh, an chabhail ilroinnte, na sreanga cré-umha; rud a sheasfadh i gclúid caisleáin, rud a thabharfaí ar dhroim capaill ó theach mór go teach mór. Rud tathagach. Léiríonn na filí an chláirseach dúinn mar rud a sháraíonn adhmaid agus mial, mar ghuth a mhúsclaíonn dúil agus draíocht: binneas an cheoil le cloisteáil i mbinneas focal.



Agus rug sí mac

(Foilsíodh leagan den alt seo ar An Lúibín ar an 24 Nollaig 2012)

Sliocht as an mBíobla Naomhtha, an leagan den Bhíobla is sine sa Ghaeilge. Aistríodh an Tiomna Nua go Gaeilge faoi choimirce William Bedell sa 16ú haois agus foilsíodh den chéad uair é in 1602. (Foilsíodh an Sean-Tiomna níos déanaí.) Seo cuntas ar shaolú Chríost ó Lúcas, Caibidil II, 7-20. Nuachóiríodh an litriú beagán ach coinníodh an seanfhriotal agus an tseanghramadach – an tabharthach (*i ngioblaibh, i gcathraigh Dháibhí*), *re in áit le* (is ionann *riú* agus *leo*), agus úsáid an bhriathair iolra le hainmní iolra (*do bhíodar aoirí* in áit *bhí aoirí*).

⁹ Ibid. uimh. 7, lch 9.

¹⁰ *An Duanaire*, uimh. 9, lch 16

¹¹ Ó Tuama, Seán, 'Ceathrúna Phádraigín Haicéad,' *Aguisíní*, Coiscéim 2008, lch 105

¹² Ibid. lch 105

¹³ *An Duanaire*, uimh. 47, lch 144

¹⁴ Ibid., uimh. 92, lch 334

Cuireadh athchló ar an mBíobla Naomhtha go luath sa 19ú haois agus fuair sé scaipeadh maith ar fud an phobail; is iomaí teaghlach Caitliceach a raibh sé i dtaisce acu, cé nach ndéarfáidís é sin leis an sagart. Tá sé inchurtha ar a lán slite leis na haistriúcháin mhóra eile de na Scrioptúir a tháinig amach i ndeireadh an 16ú haois agus i dtús an 17ú haois – aistriúcháin Bhéarla (leagan Douai agus leagan *King James*) agus an Bíobla i mBreatnais. Ach ní raibh an tionchar céanna ag Bíobla Bedell ar an nGaeilge: b'fhéidir go raibh traidisiún clasaiceach na teanga ró-thréan. Mar sin féin, tá dínit agus saibhreas ag roinnt leis an mBíobla úd.



'Saolú Chríost' (1308-11): Duccio di Buoninsegna
Wikimedia Commons

Seo é an cuntas a thugann Lúcas ar shaolú Chríost:

7 Agus rug sí [Muire] mac a céad duine
clainne, agus do chuir sí giobail
cheangail ina thimpeall, agus do
chuir sí ina lúí i mainséar é; de bhrí
nach raibh áit acu sa tigh ósta.
8 Agus do bhíodar aoirí sa dúiche
sin ina gcónaí amuigh, agus ag
déanamh faire oíche ar a dtréad.
9 Agus, féach, do sheas aingeal an
Tiarna láimh leo, agus do shoilsigh
glóir an Tiarna ina dtimpeall: agus
do ghabh eagla mhór iad.
10 Agus dúirt an t-aingeal riú, Ná
bíodh eagla oraibh: óir, féach, táim
ag soiscéalaibh dhíbh gáirdeachas
mór, a bheas do gach uile phobal.
11 Óir rugadh an Slánaitheoir
dhaoibh inniu, (eadhon Críost an
Tiarna) i gcathraigh Dháibhí.
12 Agus ag so comhartha dhíbh; Do
gheobhfar an leanbh ceangailte i
ngioblaibh, ina lúí i mainséar.
13 Agus do bhí go hobann
cuideachta mhór de shlua neamhdha
i bhfochair an aingil ag moladh Dé,
agus ag rá,
14 Glóir do Dhia ann sna hardaibh,

agus síocháin ar an dtalamh, dea-thoil
do na daoineibh.
15 Agus tharla, mar d'ímíodar na
haingil uatha ar neamh, go
ndúradar na haoirí re chéile,
Imímis anois don Bhetléem, agus
5 féachaimis an ní seo do rinneadh,
d'fhoilsigh an Tiarna dhúinn.
16 Agus tháingadar go deithneasach,
agus
fuaradar Muire agus Ióseph, agus an
naoi
ina lúí i mainséar.
17 Agus an tráth do chonacadar sin,
do aithriseadar an ní a dúradh riú
timpeall an linbh sin.
18 Agus na huile dhaoine dá gcuala so
do ghabh iontas iad fá na nithibh
a dúradar na haoirí riú.
19 Ach do thaiscigh Muire na briathra
so uile,
dá mbreathnú ina croí.
20 Agus d'fhilleadar na haoirí,
ag tabhairt glóire agus ag moladh Dé
trí gach ní dá gcualadar agus
dá bhfacadar, mar a dúradh riú.



Nollaig faoi shéan agus Bliain Úr faoi shonas dár léitheoirí.



Dán le Colin Ryan

Cupán

*Ba é an cupán céanna é
(lán de dhorchacht na haimsire)
an caife ólta an caife gan ól
ina chóngar mar a bhí fadó
agus solas amuigh a bhí chomh geal
le solas na hóige*

*dorchacht agus solas
á n-ól in éineacht aige
an cupán ina chóngar
lán agus folamh*

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun
rianach@optusnet.com.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@optusnet.com.au .*